# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2015MH080 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Ionad Cúram Leanaí Ráth Chairn |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | C15WR82 |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse** | Lánlae |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 16/05/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 35 | PM | 13 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | An tIonad Acmhainní Teaghlaigh, Bóthar an Choimín, an Uaimh, Co. na Mí |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | D. Murray |
| **Teideal:** | Cigire na Luathbhlianta |

| **Údarás chun cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | Ní bhaineann |

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil



## Cur síos ar an tseirbhís

Is Seirbhís Luathbhlianta atá á reáchtáil ag an bpobal é Ionad Cúram Leanaí Ráth Chairn. Tá sé lonnaithe i Ráth Chairn i nGaeltacht Chontae na Mí. Soláthraíonn an tseirbhís oideachas agus foghlaim trí mheán na Gaeilge agus déantar freastal ar leanaí ó 1-6 bliana d'aois. Cuirtear cúram lánlae, cúram páirtaimseartha agus cúram seisiúnach ar fáil, mar aon le seirbhís do leanaí atá in aois scoile. Glacann páistí incháilithe páirt sa scéim Cúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE). Tá an tseirbhís lonnaithe i bhfoirgneamh saintógtha aon urláir ina bhfuil na seomraí seo a leanas:

Dhá sheomra cúraim:

**An Seomra Glas:** Cuirtear cúram agus oideachas ar fáil sa seomra cúraim seo do leanaí atá idir 2 bhliain & 8 mhí - 5 bliana d'aois.

**An Seomra Dearg**: Cuirtear cúram agus oideachas ar fáil sa seomra cúraim seo do leanaí atá idir 4 bliana d'aois agus aois scoile.

Bhí seomra cúraim eile ann ina raibh áiseanna athraithe clúidíní ach ní raibh an seomra seo in úsáid.

I measc na seomraí eile san fhoirgneamh, tá cistin/seomra bia, seomra na gcéadfaí, seomra do ghrúpaí beaga, seomra foirne agus áiseanna sláintíochta. Tá trí spás ar leith lasmuigh den fhoirgneamh ach ní úsáideann na leanaí réamhscoile ach dhá cheann díobh.

## Soláthar foirne

Tá bainisteoir, 6 bhall foirne cúraim leanaí agus ball foirne riaracháin amháin (1) fostaithe ag an soláthraí cláraithe. Ar lá na cigireachta, bhí an bainisteoir, 3 bhall foirne cúraim leanaí agus ball foirne riaracháin amháin i láthair sa tseirbhís.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú

- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh/sábháilteacht/áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Ar chúiseanna na cigireachta seo, díríodh ar chomhlíonadh faoi na rialacháin seo a leanas: 9,11,19,20,21,23,25,26 agus 28; le linn na cigireachta, áfach, aithníodh neamhchomhlíonadh eile faoi Rialachán 9(2)(c) Bainistíocht agus Earcaíocht, neamhchomhlíonadh ar bhain riosca mór leis. Tá na torthaí seo leagtha amach faoin na rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

## Eolas Breise

17/05/2023 Eisíodh Fógra ar Ghníomhú Láithreach maidir le Rialachán 9(2)(c) Bainistíocht agus Earcaíocht toisc nach raibh fianaise ar ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil i gcás ball foirne amháin a bhí ag obair sa tseirbhís.

18/05/2023 Fuarthas freagra thar ceann an tsoláthraí cláraithe agus ghlac an Chigireacht leis na bearta a rinneadh.

## Buíochas

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an mbainisteoir, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta as a gcomhoibriú.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*

*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*

*(c) go mbeidh sa tseirbhís struchtúr soiléir bainistíochta ina dtugtar sainaitheantas do na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís agus do róil shonracha agus do fhreagrachtaí sonracha gach fostaí agus gach oibrí nach n-íoctar.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*

*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

*(6A) Ní bhainfidh alt (4) le fostaí soláthraí cláraithe más rud é - (a) go bhfaigheann an soláthraí cláraithe maoiniú chun an fostaí sin a fhostú de bhun scéime arna maoiniú ag an Aire ar a dtugtar an Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht, agus (b) go bhfostaítear an fostaí ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil, de bhun na scéime dá dtagraítear i bhfo-alt (a), do leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís chun páirt a ghlacadh sa chlár ar a dtugtar Clár cistiúcháin um Chúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE)".*

| Faisnéis maidir le Comhlíonadh: |
|---|
| (1)(a) Sa tseirbhís seo, bhí duine i bhfeighil ainmnithe agus a duine arna ainmniú nó arna hainmniú chun gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.<br>(b) Bhí an duine i bhfeighil ainmnithe san áitreabh nuair a tháinig na cigirí gan choinne chun an chigireacht a dhéanamh.<br>(2) (a) I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad na seirbhíse agus plé a dhéanamh leis an mbainisteoir, deimhníodh go raibh 2 bhall foirne cúraim leanaí nua tar éis tosú ag obair sa tseirbhís ó bhí an chigireacht dheireanach ann. Rinneadh athbhreithniú ar na comhaid seo agus tugadh an méid seo a leanas faoi deara.<br>(a) Bhí 4 theistiméireacht bailíochtaithe i scríbhinn ó iarfhostóir ar fáil.<br>(b) Ní bhaineann toisc nár tháinig aon teistiméireacht ó fhoinse eile seachas iarfhostóir.<br>(c) Bhí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil maidir le ball foirne amháin (1).<br>(d) Ní bhaineann toisc nár chónaigh aon bhall foirne nua lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná 6 mhí as a chéile.<br>(4) Bhí mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheas an tAire a bheith coibhéiseach leis sin, ag an mbeirt ball foirne cúraim leanaí nua. |
| **Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh** |
| (2)(c) Ní raibh fianaise de ghrinnfhiosrúchán an gharda síochána ar comhad maidir le ball foirne amháin a oibríonn go díreach leis na leanaí. Eisíodh Fógra ar Ghníomhú Láithreach chuig an soláthraí cláraithe ar an 17/05/2023. Fuarthas freagra ar an 18/05/2023 agus ghlac an Chigireacht leis na bearta a rinne an Chigireacht. |
| **Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe** |
| **Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**<br>Tá cóip den ghrinnfhiosrúchán ar comhad san ICL. Cuireadh cóip den ghrinnfhiosrúchán ar aghaidh ar an 18/5/2023.<br>Lorgófar grinnfhiosrúchán agus coimeádfar ar comhad é as seo amach.<br>**Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**<br>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir leis an mball foirne. |
| **Nóta Tráchta Achomair** |
| Tá an soláthraí cláraithe tar éis aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh maidir le Rialachán 9(2)(c) Bainistíocht agus Earcaíocht sa Phlean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach.<br>Fuarthas agus glacadh leis an bhfreagra. |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
| --- |
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Faoi réir ailt (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*<br>*(8) Gan dochar d'ailt (2) go (7)—*<br>*(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhísí réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go bhfuil 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí 5 duine fásta ag obair go díreach leis na 35 leanbh a bhí sa tseirbhís ar lá na cigireachta.<br><br>(2) Coinníodh an cóimheas ceart idir daoine fásta agus leanaí sa tseirbhís i rith na cigireachta. Ba mar seo a leanas a bhí an cóimheas sna seomraí:<br>• **An Seomra Glas:** Bhí beirt bhall foirne leis na 20 leanbh ó 2 bhliain 8 mí go 5 bliana d'aois. Bhí 8 leanbh ag baint úsáide as an tseirbhís cúraim lánlae.<br>• **An Seomra Dearg:** Bhí beirt bhall foirne leis na 15 leanbh ó 4 bliana d'aois go haois scoile. Bhí 5 leanbh ag baint úsáide as an tseirbhís cúraim lánlae.<br><br>(8)(a) De réir an uainchláir, chinntigh an bainisteoir go raibh beirt dhuine fásta sa tseirbhís an t-am ar fad. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
| --- |
| **Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*<br>*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |

(1) (a) Tugadh an méid seo a leanas faoi deara maidir leis an mbealach a bhí foghlaim, forbairt agus leas gach linbh á éascú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse:

**Bunriachtanais:**

- Freastalaíodh ar riachtanais aonair leanaí agus tugadh cúram breise, aire agus maoirseacht de réir mar ba ghá.
  Sa dá sheomra cúraim bhí an fhoireann páirteach go gníomhach i súgradh na bpáistí nuair ba chuí. Chonacthas na leanaí ag súgradh go lánbhrí ar feadh tréimhsí fada le gníomhaíochtaí boird, le hábhair ealaíne agus ceardaíochta agus i mbun saorshúgartha. Tugadh an-chuid comhrá agus gáire faoi deara freisin.
- Cuireann an tseirbhís súgradh agus foghlaim faoin aer chun cinn agus chonacthas na leanaí go léir ag baint taitnimh as súgradh lasmuigh lena bpiaraí. Thug na páistí a gcuid lón sláintiúil féin leo agus d'ith na leanaí ón Seomra Dearg a gcuid sneaice amuigh ag na boird phicnice. Breathnaíodh na baill foirne ina suí agus ag comhrá leis na leanaí ag am lóin, ag cabhrú leis na leanaí nuair ba ghá, agus ag spreagadh comhrá agus ag cur le hidirghníomhaíochtaí ag an am céanna.
- Rinneadh aistrithe sa tseirbhís a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus baill foirne ag tabhairt go leor ama do na leanaí a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích sula raibh orthu an chéad ghníomhaíocht eile a thosú. Dúirt baill foirne gurb é téama na seachtaine sa Seomra Dearg ná “Bia Sláintiúil” agus “Sláinteachas Fiaclóireachta” agus sa Seomra Glas, ba é téama na seachtaine ná “Ainmhithe feirme” agus “Beacha”. Bhí saothair ealaíne ar taispeáint chun na téamaí seo a léiriú.

**Caidrimh thacaíochta mórthimpeall ar na leanaí:**

- Labhair an fhoireann leis na páistí go léir ar bhealach dearfach agus d'éist siad go haireach le gach leanbh. Bhain na leanaí tairbhe as cúram a fháil ó na baill foirne céanna mar chonacthas go ndearna na leanaí na baill foirne a lorg chun cúnamh, compord agus suaimhneas a fháil. Le linn gníomhaíochtaí, tugadh

roghanna do na leanaí agus bhí na baill foirne an-aireach ar leideanna, gothaí agus comharthaíocht choirp na leanaí.

- Léirigh an tseirbhís meas ar theaghlaigh na leanaí agus cothaíodh naisc teaghlaigh sa tseirbhís trí grianghraif theaghlaigh a chur ar taispeáint. Buaileadh na baill foirne le tuismitheoirí ag doirse na seomraí cúraim chun labhairt leo faoina leanaí.

**Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile**

**Rialacháin 20 – Saoráidí chun scíth a ligean agus súgradh a dhéanamh**

(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—

(b) go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh leanbh réamhscoile a scíth a ligean i gcaitheamh an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i gcaitheamh an lae agus na hoíche.

(3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine, seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha nó seirbhíse feighlíochta leanaí, seachas seirbhís den sórt sin a bhfuil feidhm ag mír (2) maidir léi—

(a) go soláthrófar san áitreabh spás lasmuigh a bheidh oiriúnach agus slán sábháilte agus a mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís air.

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1)(b) Bhí bogfheisteas, binsí agus cúisíní ar fáil do na leanaí sa dá sheomra chun sos a thógáil ó ghníomhaíochtaí nó chun scíth a ligean. Ní raibh codladh ag teastáil ó leanbh ar bith sa tseirbhís ach bhí leapacha inchruachta agus éadaí leapa ar fáil dá mba ghá.

(3)(a) Bhí an 2 áit spraoi lasmuigh á gcomhroinnt idir an Seomra Dearg agus an Seomra Glas. Bhí dromchla uile-aimsire ar an áit spraoi lasmuigh den Seomra Dearg agus bhí fál agus geata daingean mórthimpeall uirthi.

Bhí dromchla féarach ar an áit spraoi lasmuigh den Seomra Glas agus bhí fál agus geata daingean mórthimpeall uirthi.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

**Rialachán 21 – Trealamh agus ábhair**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh troscán, trealamh súgartha agus oibre agus ábhair atá leordhóthanach agus oiriúnach ar fáil in áitreabh na seirbhíse réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

- Bhí an-chuid acmhainní spraoi agus trealaimh sa dá sheomra cúraim agus iad leagtha amach in áiteanna sainspéise a bhí mór agus deas néata. I measc na n-ábhar spraoi agus an trealaimh a bhí ar fáil, bhí ábhair nádúrtha/céadfacha, ealaín agus ceardaíocht, raon bréagán agus leabhair oiriúnacha a bhí inrochtana go héasca ar sheilfeanna oscailte ag a airde na leanaí, rud a chabhraigh leo leabhair a roghnú agus a bheith páirteach i spraoi bríomhar leanúnach.
- Bhí dromchla uile-aimsire ar an spás lasmuigh den Seomra Dearg agus bhí aonad adhmaid gníomhaíochta, crandaí bogadaí, bord gainimh, clár ceoil suite ar an mballa agus trírothaigh agus gluaisteáin mharcaíochta ar fáil ann. Bhí áit leáchlúdaithe le díon amuigh freisin, rud a lig do na leanaí dul ag spraoi lasmuigh i ngach cineál aimsire.

  Bhí boinn, bord gaineamh / uisce, bloic thógála, bord ainmhithe, fráma dreapadóireachta agus siúil, boscaí plandála agus cistin láibe sa spás féir lasmuigh den Seomra Glas.

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
|---|
| **Rialachán 22 – Bia agus Deoch** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch atá leordhóthanach oiriúnach agus taoisleannach éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí plean biachláir i bhfeidhm sa tseirbhís agus réimse bia idir fheoil, éineoil agus iasc, á chur ar fáil ag cuideachta lónadóireachta.<br>Bhí club bricfeasta sa tseirbhís idir 8-9am do na leanaí réamhscoile agus leanaí in aois scoile.<br>Thug na leanaí a gcuid lónta féin isteach agus d'ith siad an lón sin ar a 11am.<br>Tugadh amach an dinnéar (sicín, prátaí agus piseanna) an lá sin ar a 1pm.<br>Tugadh amach béile an tráthnóna ar 3.30pm - fillteoga/ceapairí liamháis agus cáise agus torthaí.<br>Bhí rogha ag na leanaí idir bainne agus uisce. |

| Cuid VI - Sábháilteacht | |
|---|---|
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint** | |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* | |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** | |
| **Sábháilteacht Ghinearálta**<br>Bhí na bearta sábháilteachta seo a leanas i bhfeidhm ar lá na cigireachta:<br>• Bhí na hoibreáin ghlantacháin go léir stóráilte as raon láimhe na leanaí.<br>• Bhí príomhdhoras na seirbhíse daingean agus bhí na háiteanna spraoi lasmuigh iata agus daingean. Leis na bearta slándála seo, bhíothas á chinntiú nach n-éalódh páiste réamhscoile gan mhaoirsiú agus go gcuirfeadh cosc ar dhaoine neamhúdaraithe teacht isteach sa tseirbhís agus sna háiteanna spraoi lasmuigh.<br>• Bhí na hábhair spraoi go léir ar aonaid seilfeanna seasmhacha. Chonacthas go raibh na hábhair spraoi agus an trealamh go léir sábháilte agus oiriúnach d'aois forbartha na leanaí réamhscoile sa tseirbhís.<br>• Bhí na doirse éalaithe éigeandála saor ó bhac. | |

- Rinneadh measúnú riosca laistigh agus lasmuigh gach lá.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

Tugadh na bearta rialaithe ionfhabhtuithe seo a leanas faoi deara:

- Bhí beartas níocháin lámh agus beartas athraithe clúidíní i bhfeidhm agus chonacthas níochán lámh iomchuí ar siúl ag an bhfoireann agus ag na leanaí. Bhí uisce reatha te ar fáil i leithris na leanaí, mar aon le leacht gallúnaí agus tuáillí páipéir chun níochán lámh éifeachtach a chur chun cinn.
- Bhí an tseirbhís deas glan agus bhí na sceidil ghlantacháin á gcomhlánú gach lá. Glanadh na boird i ndiaidh gníomhaíochtaí agus roimh bhéilí.
- Bhí cuisneoirí ar fáil do bhia somheata i mboscaí lóin na leanaí.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

**Sábháilteacht Dóiteáin:**

Rinneadh an druil dóiteáin dheireanach ar an 27/03/2023. Ní dhearnadh druil dóiteáin ar bith i mí Aibreáin 2023.

## Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

**<u>Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach</u>**

**Sábháilteacht Dóiteáin:**

Rinneadh druil dóiteáin san fhoirgneamh agus rinneadh ceann gach aon mhí ó shin i leith.

Tá sé luaite sa pholasaí sábháilteachta ó dhóiteán go gcaitear tabhairt faoi dhruil dóiteáin gach mí. Moltar don fhoireann an polasaí a léamh an athuair agus a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm é amach anseo.

**<u>Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach</u>**

**Sábháilteacht Dóiteáin:**

Fianaise maidir le druil dóiteáin ar an 20/06/2023.

## Nóta Tráchta Achomair

Tá an soláthraí cláraithe tar éis aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh faoi Rialachán 23 Sábháilteacht ó Dhóiteán sa Phlean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach.

Fuarthas agus glacadh leis an bhfreagra.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 25 - Garchabhair

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a*

*bhfuil an trealamh cuí ann—*

*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*

*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go raibh cúrsa cothrom le dáta do Fhreagróirí Garchabhrach déanta ag líon leordhóthanach den fhoireann chun a chinntiú go raibh ball foirne ar fáil do na leanaí i gcónaí agus iad sa tseirbhís.

(2)(a) agus (b) Bhí bosca garchabhrach feistithe mar is cuí ar fáil agus é stóráilte go sábháilte sa tseirbhís.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*

*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*

*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*

*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás*

*dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1)(a) Bhí taifead i scríbhinn ar fáil maidir leis na druileanna dóiteáin míosúla a rinneadh sa tseirbhís. Tharla an druil dóiteáin dheireanach ar an 27/03/2023.

(b) Bhí taifead ar fáil a léirigh líon, cineál agus cothabháil an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram dóiteáin príomhlíonra a bhí ar fáil san áitreabh. Rinneadh an trealamh comhraicthe dóiteáin a sheirbhísiú ar lá na cigireachta 16/05/2023. Rinneadh an seirbhísiú deireanach ar na haláraim dóiteáin príomhlíonra ar an 23/01/2023.

(4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint in áit fheiceálach sa tseirbhís.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh go raibh an tseirbhís faoi árachas leordhóthanach do 50 leanbh tráth ar bith agus iad ag freastal ar an tseirbhís. Léirigh an polasaí go raibh an tseirbhís faoi árachas ó 01/11/2022 go dtí 27/11/2023. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015MH080 |
| **Name of Service:** | Ionad Cúram Leanaí Ráthchairn |
| **Address of Service:** | Ráthcairn, Átha Buí, Co. Meath |
| **Eircode:** | C15WR82 |
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |
| **Service type:** | Full Day |
| **Date of Inspection:** | 16/05/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 35 | PM | 13 |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Family Resource Centre, Commons Road, Navan,<br>Co Meath |
| **Inspection undertaken by:** | D. Murray |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not Applicable |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report Pre School

## Description of service

Ionad Cùram Leanaì Ràthchairn is a community operated Early Years' Service located in the Gaelteach region Ràthcairn. The service provided educational and learning through the use of Irish language and caters for children from 1 to 6 years. A full day care, part-time and sessional care is provided along with a school aged service. Eligible children participate in the Early Childhood Care and Education scheme (ECCE).The service is a purpose built single storey building consisting of the following:

Two care rooms:

**Seomra Glass** facilitates the care and education of children from 2 years 8 months to 5 years.

**Seomra Dearg** provides care and education for children from 4 years to school going age.

An additional care room with nappy changing facilities was not in operation.

The remainder of the building consists of a kitchen/dining area, sensory room, small group room, staff room and sanitary facilities. There are 3 outdoor spaces onsite with only 2 used by the pre-school children.

## Staffing

The registered provider employs a manager,6 childcare staff and 1 administration staff member. On the day of inspection there was the manager ,3 childcare staff and 1 administration staff member.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety/ premises and facilities. The inspections may also focus on other areas as required.

The inspection focused on an examination of compliance under regulations 9,11,19,20,21,23,25,26 and 28; however, on inspection additional non-compliance which posed significant risk was identified under Regulation 9 (2)(c) Management and recruitment. These findings are outlined within the relevant regulations within this report. Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

## Additional Information

17/05/2023 An Immediate action notice was issued pertaining to Regulation 9 (2)(c) Management and recruitment as 1 staff member did not have proof of garda vetting on file.

18/05/2023 A response was received on behalf of the registered provider and actions taken were accepted by the Inspectorate.

## Acknowledgments

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the manager, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(c)there is a clear management structure in the service that identifies the lines of authority and accountability in the service and the specific roles and responsibilities of each employee and unpaid worker.*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

*(6A) Paragraph (4) shall not apply to an employee of a registered provider where - (a) the registered provider receives funding for the employment of the employee pursuant to a scheme funded by the Minister and known as the Access and Inclusion Model, and (b) the employment of the employee is for the purpose of providing support, pursuant to the scheme referred to in subparagraph (a), for a child attending the service to enable the child to participate in the programme known as the Early Childhood Care and Education (ECCE) funding Programme."*

**Compliance Information**

(1) (a) The service had a designated person in charge and a named person to deputise as required.

(b) A designated person in charge was on the premises when the inspectors arrived unannounced to carry out the inspection.

(2) From a review of the service file and discussion with the manager it was confirmed that 2 new childcare staff had been employed in the service since the last inspection. These files were reviewed, and the following was noted.

(a) Four validated written references were available from a past employer.
(b) Not applicable as no reference were from a source other than a past employer.
(c) Garda vetting disclosure was available for 1 staff member.
(d) Not applicable as no new staff member had resided outside the jurisdiction for a period of more than 6 consecutive months as an adult.

(4) The 2 new childcare staff members had a major award in Early Childhood Care and Education at Level 5 and above on the National Framework of Qualifications or a qualification deemed by the Minister to be equivalent

## Non-Compliance Information

(2)(c) One staff member working directly with the children did not have evidence of garda vetting on file. An Immediate action notice was issued to the registered provider on the 17/05/2023.A response was received on 18/05/2023 and actions taken by the registered provider were accepted by the Inspectorate.

## Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

**Corrective and Preventive Action**

A copy of vetting is held on the file in the ICL. Copy of same forwarded on 18/5/2023.

Vetting will be sought and held on file going forward.

**Supporting documentation submitted**

Garda vetting for the staff member.

## Summary Comment

The registered providers in the Corrective Action and Preventive Action plan have addressed the non-compliance for Regulation 9 (2)(c) Management and recruitment.

The response received has been reviewed and accepted.

| Part III – Management and Staff |
|---|
| **Regulation 11 - Staffing levels** |
| *(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*<br>*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.*<br>*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)—*<br>*a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) There were 5 adults working directly with the 35 children attending the service on the day of inspection.<br><br>(2) The correct adult/child ratio was maintained in the service throughout the inspection. The rooms were as follows:<br>• **Seomra Glass** had 2 staff with 20 children ranging in age from 2 years 8 months to 5 years with 8 children availing of the full day care service.<br>• **Seomra Dearg** had 2 staff with 15 children ranging in age from 4 to school going age with 5 children availing of the full day care service.<br><br>(8) (a)According to the staff roster the manager ensured that 2 adults were present on the premises at all times. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 19 - Health, welfare and development of child** |
| *(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-* <br> *(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and* |

**Compliance Information**

(1)(a) The following observations were made on how each child's learning, development and well-being was facilitated within the daily life in the service:

**Basic needs:**

- Children's individual needs were meet with additional care, attention and supervision given as required. In both care rooms the staff were actively involved in the children's play where appropriate. Children were observed enjoying meaningful, sustained play with tabletop activities, art and crafts and free playing with lots of conversation and laughter observed.
- The service embraces outdoor play and learning with all children observed enjoying outdoor play with their peers. The children brought their own healthy lunches with Seomra Dearg having their snack outside at the picnic tables. Staff members were observed sitting and chatting with the children at lunch time, helping the children when required whilst encouraging conversation and extending interactions.
- Transitions were handled smoothly with staff giving the children ample time to complete one activity before starting the next. Staff members stated that the theme of the week in the Seomra Dearg room was "Healthy Eating" and "Dental Hygiene " while in Seomra Glass the theme of the week was "Farm animals" and" Bees" with art works displayed to reflect these themes.

**Supporting relationships around children:**

- The staff spoke to all children in a positive way and listened attentively to each child.The children benefitted from being cared for by the same staff members as it was observed that the children sought out  the staff members for assistance comfort and assurance During activities children were offered choices and the staff members were very aware of reading the children's cues, gestures  and body language.

- The service showed a positive regard towards the families of the children and family links were nurtured in the service with family photographs displayed. Parents were meet at the care room doors with verbal interactions observed pertaining to their child.

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 20 – Facilities for rest and play** |
| (1) Subject to this regulation, a registered provider shall ensure that,<br>(b) there are adequate and suitable facilities for a pre-school child to rest during the day, and in the case of an overnight pre-school service, during the day and the night.<br>(3) A registered provider of a full day care service, a part-time day care service or a childminding service, other than such a service to which paragraph (2) applies, shall ensure that-<br>(a) a suitable, safe and secure outdoor space to which the pre-school children attending the service have access on a daily basis is provided on the premises. |
| **Compliance Information** |
| (1)(b)There were soft furnishings, benches and cushions available in both rooms for children to take a break from activities and rest if needed. No child required sleep in the service however stackable beds and bed linen were available if needed.<br>(3)(a)The 2 other outdoor spaces in use were shared between Seomra Dearg and Seomra Glass. The outdoor space off Seomra Dearg had an all-weather surface and was enclosed by fencing with a secure gate.<br>The outdoor space off Seomra Glass had a grass surface and was enclosed by fencing with a secure gate. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
| --- |
| **Regulation 21 – Equipment and materials** |
| *A registered provider shall ensure that there is adequate and suitable furniture, play and work equipment and materials available on the premises of the pre-school service.* |
| **Compliance Information** |
| • Both care rooms were well resourced with play materials and equipment which were laid out in interest areas which were spacious and uncluttered. The play materials and equipment incorporated natural/sensorial materials, art and crafts, a range of suitable toys and books which were easily accessible on open shelving at their height which supported children to select and become involved in meaningful, sustained play experiences.<br>• The outdoor space off Seomra Dearg had an all-weather surface with a wooden activity unit, see saw, sand table, musical board mounted to the wall and ride on tricycles and cars. A partially sheltered area with benches permitted outdoor play in all types of weather.<br>The outdoor grass space off Seomra Glass had tyres, sand /water table, building blocks, animal table, climbing and walking frame, planting boxes and a mud kitchen. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 22 – Food and drink** |
| *A registered provider shall ensure that adequate and suitable, nutritious and varied food and drink is available for each pre-school child attending the pre-school service.* |
| **Compliance Information** |
| The service had a menu plan with a variety of food ranging from meat, poultry and fish dishes provided by a catering company.<br>The service provided a breakfast club from 8 to 9am for the pre-school and school aged children.<br>The children brought their own lunches which they had at 11am.<br>Dinner was served at 1pm which was chicken, potatoes and peas.<br>The evening meal was served at 3:30pm which was ham and cheese wraps/sandwiches and fruit.<br>Milk and water were the drinks of choice. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child** |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* |
| **Compliance Information** |
| **General Safety:**<br>The following safety measures were in place on the day of inspection:<br>• All cleaning agents were stored out of reach of the children.<br>• The main door to the service was secured and the outdoor space was enclosed and secure. These security measures ensured that a child did not exit unsupervised and restricted unauthorised persons from gaining access to the service and outdoor spaces.<br>• All play materials were placed on stable based shelving units. Play materials and equipment were observed to be safe and suitable for the developmental age of the pre-school children present in the service.<br>• The emergency exit doors were unobstructed. |

- An indoor and outdoor risk assessment was conducted on a daily basis.

**Infection Control:**

The following infection control measures were observed:

- The hand washing policy and nappy changing policy were implemented in practice with appropriate hand washing for staff and children at all times. Warm running water was available in the children's sanitary area, along with a supply of liquid soap and hand paper towel for effective hand washing.
- The service was clean with cleaning schedules maintained on a daily basis. Tables were cleaned after activities before meals.
- Fridges were available for the perishable items in the children's lunch boxes.

## Non-Compliance Information

**Fire Safety:**

The last fire drill was conducted on the 27/03/2023. No fire drill was conducted for the month of April 2023.

## Action submitted by the Registered Provider

**Corrective & Preventive Action**

**Fire Safety:**

A fire drill was carried out in the building and has been on a monthly basis since.

The fire safety policy states that a fire drill be carried out monthly. Staff have been advised to read the policy again and to ensure its implantation going forward.

**Supporting documentation submitted**

**Fire Safety:**

Evidence of fire drill conducted on the 20/06/2023.

## Summary Comment

The registered providers in the Corrective Action and Preventive Action plan have addressed the non-compliance for Regulation 23 Fire Safety.

The response received has been reviewed and accepted.

| Part VI - Safety |
| --- |
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The service provided evidence that an adequate number of staff members had completed an up to date First Aid Responders course to ensure that a staff member was always available to the children attending the pre-school service.<br><br>(2)(a) and (b) A suitably equipped first aid box was available and safely stored in the premises. |

| Part VI - Safety |
| --- |
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)(a) A written record was available of the fire drills completed in the service. The last recorded fire drill took place on the 27/03/2023.<br>(b) A record was maintained of the number, type and maintenance record of the fire fighting equipment and mains powered smoke alarms on the premises. The fire fighting equipment was serviced on the day of inspection 16/05/2023 . The mains powered smoke alarms were last serviced on the 23/01/2023.<br><br>(4) A notice of the procedures to be followed in the event of a fire was conspicuously displayed in the service. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| The registered provider ensured that the service was adequately insured for 50 children at any one time attending the sessional service. The policy showed that the service was insured from 01/11/2022 to 27/11/2023. |